

Gaeltacht

4ú lá Bealtaine 1973

Iml. 1 Uimhir 7

Gach coicís

LUACH 6p

Cuairt Aire na Gaeltachta ar Ghaeltacht Thír Chonaill



Ó Chlé: Séamus de Faoite, T.D., Donnchadh Mac Fhionnaile, O.S. An tUasal Ó Domhnaill, Aire na Gaeltachta, Prionsias Ó Muireagáin, Eagarthóir "Gaeltacht", Cathal Ó Cuilinn, agus Seán Ó Gormáin.



Prionsias Ó Dufaigh, Mín a' Craoibhe, Anagaire, agus Bríd Ní Mhaoilchiarnan Gort an Choirce a pósadh tá goirid ó

shin, i Seipeal Críost an Rí, Gort an Choirce. An tAthair Aodh Ó Cnamhsí S.P. a phós iad agus bhí an bhainis in

Ostan Highlands ar na Gleanntaí. Chaith siad mí na mealla ag turasair-eacht ar fud na tíre.

ó Chlé; Dónal Mac Ruaráí, Pilib ó Dufaigh, Prionsias Ó Dufaigh, Bríd Ní Mhaoilchiarnan a deirfiuracha Maighread agus Éibhlin, Páistí; Pádraig Pearse Ó Ceallaigh agus Éibhlin Níc Giolla Chamnigh.

Chaith Aire na Gaeltachta Tomás Ó Domhnaill an 18ú agus an 19ú lá de'n mhí seo i nGaeltacht Thír Chonaill. Ba é seo an chéad uair a thug Aire Gaeltachta cuairt ar an ceantar seo.

Bhí lá gnaitheach ag an Aire Dé Ceadaoine an 18ú lá. Chuir sé tús lena chuairt i gCeantar na Carraice agus Gleann CholmCille agus tráthnóna an lae sin thainig sé chun an Chlocháin Leith, ansin bhuail sé le toscairí ó gach páirt de na Rossa agus d'fhléigh se a gcuid fadhbana leo.

Ar maidin Deardaoin an 19ú lá chuaigh sé go hoileán Arainn Mór an áit ar cuireadh fáilte Uí Domhnaill roimhe. Bhuail an tAire le toscaireacht ó mhuintir an oileáin, agus dúirt sé go mba uafásach an scéal é nach raibh plean forbartha ar bith déanta amach go fóill do oileáin na tíre.

Dúirt sé go raibh sé ar intinn aige fhéin oifigeach a cheapadh a mbeadh forbairt na noileán mar chúram iomlán air.

Tar éis loin thainig an tAire go Gaoth Dobhair agus chuaigh sé caol díreach go dtí an Estáit Tionsclaíochta. Thug sé cuairt ar trí ionaid san Estáit sé sin, Scoil AnCo, Monarcán G.T. agus Monarcán Europlast.

Ba mhór a shuim sna tionscail uilig agus dúirt sé go raibh súil aige, nach raibh anseo ach tús ar ré úr don Ghaeltacht. I ndiaidh an Estáit chuaigh sé go Radio na Gaeltachta an áit ar labhair se le Pobal na Gaeltachta. Chaith sé an chuid eile de'n tráthnóna i Mín a Cuinge i Stáisiún na Mónadh, Amharclann Gaoth Dobhair agus i gCló na Rosann.

Phléidh sé a gcuid fadhbana le dreomana a casadh air. Orthu seo bhí lascairí Gaoth Dobhair, lucht na mónadh, Coiste na dTuismitheoirí a fhléidh ceist na scoile leis agus na mion-tionscloirí

Sular fhag sé Gaoth Dobhair thug sé cuairt ar an Chanónach Mac Eiteagán S.P. ar a bhealach go Gort 'a Choirce.

Labhar sé ag cruiniú i dteach Thomáis Uí Cholla agus dúirt sé go raibh fon air bualadh le muintir na Gaeltachta uilig agus eisteacht lena gcuid gearáin agus iarraitais. Bhí sé buartha nach raibh sé ábalta níos mó ama a chaitheadh leo an iarraidh seo ach go mbeadh sé ar ais i mí Lúnasa ar feidh seachtaine.

I raiteas dúirt an tAire:

Is aonad nadurtha chun críoch forbartha reigiun an Iar-Thuaiscirt. Faoi mar is eol daoibh, fógraíodh tograí móra tionscail le déanaí do Leitir Ceanainn agus do Dhoire. Tá gach dóchas agam go bhfeadfar clár leathan forbartha don Iar-Thuaisceart i gcoitinne a bhunú ar thograí mar sin agus ar an gcuartaíocht agus gneithe eile de chúrsaí eacnamaíochta, soisial-acha agus cultúrtha. Is san

Go dtí leathanach 3.

Eagaralt

Líonadh go leor eagarait cheana féin fá thionchur agus páirt na hÉireann sa Chomhghargadh. Ach, ós rud é nar dúradh mórán fá na gneithe speisialta i saol na Gaeltachta a chuideadh ionad idirdhealaithe san Eoraip a thabhairt dúinn, b'fhéidir nar mhiste dúinn tamall smaointe a thabhairt dóibh.

Treith de mhuintir na Gaeltachta is ea comhoibriú. Seo rud atá ionta ó dhúchais de thairbhe stair na Gaeltachta féin. Cá mbeadh na glúnta a chuaigh romhainn gan comhoibriú nuair nach rabh ar achan taobh ach ganntanas agus anro? Bhí siad cleachtaithe ag tabhairt lámh chuidigh da chéile. Ó am go hám tá sé le feiceal go bhfuil spiorad ar sinsear beo go fóill, sé seo an prionsabal ceanna ar a bhfuil Comhghargadh na hEoraip bunaithe.

Tá daoine ann a bhfuil eagla a gcoí orthu fá láthair go rachadh achan rud Gaelach le sruth, de thairbhe an cheangailt seo leis an Eoraip. Deir siad go rachaidh an Gaeilge as feidhm. Thiofadh leis go mbeadh an ceart acu fosta ach go bhfuil Gaeltacht againn inar coinneadh an teanga beo d'ainneoin constaicí níos fíochmhaire na Comhghargadh na hEoraipe. Agus ó tá an Ghaeltacht ag dul chun cinn agus an teanga níos flúirsí na bhí ariamh, ní baoill dúinn. Níor thréig muintir na Gaeltachta an Ghaeilge go dtí seo agus ní thréigfidh siad anois í le cuidiú Dé agus rialacha úra na Roinne Oideachais i dtaobh teagasc na Gaeilge. Agus díreach mar atá le tíortha eile na Chomhghargadh beidh ar dteanga dhúchais mar gnath-theanga ar dtíre agus áit níos deimhní againn san Eoraip de bharr.



Machnamh

Seo agaibh somplaí de aistriúchán urnua ar na Sailm. D'aistrigh mé iad go díreach ón Eabhrais (Biblia Hebraica Kittel). Ghlac mé le coigeartú anois agus arís. Rinne mé mo dhícheall claoi le rithim agus le meadaracht na hEabhraise Níorbh fhéidir gan rantaí garbha Gaelig a scríobh anois agus arís! Ba mhaith liom go ndéantaí léirmheas air. Ná bíodh leiscort, cibé acu sagart na tuatach, fear nó bean thú, scríobh chugam. Cuidigh liom na lochtanna a leasú sula gcuirtear i gcló iad, agus is mé a bhios fá chomaoin agat. Cosslett O Cuinn, 67 Wellington Road, Ath Cliath 4.

SALM 41 (40)

Is méanar don tsathach a thuig an seang,
in uair a aimhleasa fuascloídh an Coime é,
béidh an Coime mar choimirceoir agus mar chrann beatha aige,
gur méanar do san tír agus gan sásamh ag a náimhde air.
Fóirfidh an Coime air na chroluí,
cóireoidh sé a leaba nuair a bhíos sé breoite,
agus deirim-sa leat glac trua dhom, a Choime,
leigheasaigh m'anam ó pheacaigh me i d'éadan.
Bíonn mo náimhde ag tuaradh an uilc dhom,
is fada gan bás agus báthadh sloinne air,
agus go fiu nuair a thig duine acu do m'fhiosrú,
is fada idir a bhriathraí agus a intinn,
a thiomsaíos gach drochscéal agus clúmhillleadh,
agus é dá scéitheadh nuair a imíonn sé.
Tá lucht m'fhuatha i gcogar le haontoil,
ag tuaradh an uilc a bheartaíodar féin dom.
tá greim dhocht ag súil Bhaloir air, (drochshúil, aicíd mharfach) ?
nár éirigh sé choíche ón luí leapa seo.
Níl go fiú mo dhluth-chara.
an fear ba mho rabh m'iontaoibh as,
nar thog sál a choise i m'aghaidh,
i ndiaidh ar ith sé de m'arán.
Ach anois, a Choime, glac trua dhom,
tóg aníos mé agus ceannoidh siad go daor é,
Is air sin a aithneoidh mé go bhfuil taitneamh agat dhom,
nach ligeann tú an lámh uachtair le mo náimhde.
Tugann tú tacaíocht dhom ós saor ó choir mé,
go brách i mo sheasamh os do choinne.

SALM 36 (35)

An t-olc i gcogar leis an drochduine i gcochall a chroí,
ós ní é uamhan Dé nach léir dá shúil,
Dhall sé a shúil ó pheaca a aithniú na gráin a mhothú,
níl i mbriathra a bhéil ach ciontacht agus cealgaireacht,
stad sé den eagna agus den dea-iompar,
ar mhíbhearta a bhíonn sé ag machnamh na leaba,
tá a chos seasmhach ar bhealach na haimhleasa,
nach dtug fuath don olc.

A Choime, sroicheann do ghrása go néaltaí nimhe,
agus sineann d'fhiréantacht go dtí na spéirí,
Tá do chóir mar ardshléibhte Dé,
agus do cheart na áibhéis mhór,
Tá an duine agus an díúl bheo,
fá do choimirce, a Choime.
Cad é chomh huasal le do ghrása, a Dhia,
go bhfaghann an Adhamhchlann fascadh 's dídean fá do chluimhrigh,
Bíonn a sásamh acu d'ollmhaitheas do thoi,
agus olann siad as morshruth do sho,
Oir is agat atá tobar na beatha,
agus do sholas le na bhfeicimid an solas,
Go mb'fhada buan do ghrása do do lucht aitheantais,
agus do chóir do dhream an dea-chroí,
Ná cuireadh lucht an uabhair fá na gcosa mé,
ná cuireadh doin an drochduine an tóir orm.
Siud leagtha ar lár iad, mar lucht na ndroch-ghníomh,
go mb'iseal a luí, nár thógaidh siad a gcinn.

Insealbhú i bParóiste Anagaire

Maidin inniu (Diardaoin) rinne Easpag Ráth Bhoth, An Dr. Anton Mac Fícheallaigh an tAthair Eoghan Ó' Colm a insealbhú mar Sagairt Paróiste Anagaire i searmanais i Seipéal Naomh Mhuire, Réalt na Mara.

Glacann sé áit an Athair Mag Uidhir a d' éirigh as a phost de thairbhe a shláinte. Fear de bhunadh na hAirdí Bhig i gceantar Chloich Cheannfhaola, tháinig an tAthair Ó' Colm go hAnagaire mar Riarthóir Iá Fhéile Pádraig as Baile na Finne. Roimh sin chaith sé seal i dToraigh ar a scríobh sé an leabhar cháiliúil "Toraigh na dTonn": Fá láthair tá sé ag obair ar leabhar eile agus ní bheidh i bhfad go mbeidh sé a fhoilsiú.

Tá lúcháir ar a chairde go léir ar fud na deoise agus go hairid ar phobal Anagaire as a insealbhú mar Shagart Paróiste agus deantar comhghairdeachas ónar gcoí leis.



An tAthair Eoghan Ó Colm S. P. Anagaire

Tá súil againn uilig go mbeidh saol sona fada ag an tAthair Mag Uidhir agus é ag scoradh uainn.



AnCO

An Chomhairle Oiliúna

Oiliúint agus Athoiliúint do dhaoine fásta

Cuirtear na cúrsaí seo leanas ar fáil ag Ionad Oiliúna Anco, Ghaath Dobhair. Maireann iomlán an chúrsa 20 seachtain.

1. Cúrsa Insealbhú Tionsclach
2. Cúrsa Faibhríthe Scileanna Bunúsach
3. Cúrsaí Tathaí
4. Cúrsa Aire Tionsclach
5. Cúrsa Oibriú Inneall
6. Cúrsa Ginearálta do Oibríthe Tógála

Oibreann an tIonad 40 uair sa tseachtain i dtimpeallacht cosúil le monarchan. Tá an traenáil eagraithe de réir clár fhorleathain.

Íoctar liúntas seachtainiúil agus taistil leis na foghlaim-eoirí. Tá deontas lóistín a íoc fosta do fhoghlaim-eoirí atá ar shiúl ón bhaile.

Foirm iarratais agus gach eolas faoi liuntais traenala ó
An Bainisteoir,
AnCo - Ionad Oiliúna Tionsclaíoch,
Na Doirí Beaga,
Leitir Ceanainn,
Co. Dhún na nGall.

Mánus Mac Grodaí

MÓRDHIOLTÓIR EARRAÍ GRÓSAERA

An Fálcarrach 20

Radió na Gaeltachta



DE SATHAIRN 5 Bealtaine

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Spóirt. 7.30 Seisiún. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Áitiúil. 8.03 Tuairisc Pearsanta. 8.30 A Ghloria, a Chara. 8.45 An Druma Mór. Uisceál cáiliúil Sheosamh Mhic Grianna a bhuaidh Duais an Bhuil'éirigh a léamh ag Seán Ó Gallchóir ina dhá mhír déag. (Mír a (13) 9.00 Nuacht agus Aimsir.

De Domhnaigh 6 Bealtaine

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Séan Bán Breathnach. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Áitiúil. 8.10 Sa íobh seo den Tír: Sreath léachtaí ó Bhaill Bhord Staidéar Seachtacht Choláiste na h-Ollscoile. Gailimh ar staid na Gaeltachta inniu. 8.30 Spóirt Idirlinn 9.00 Nuacht agus Aimsir. 9.15 Deireadh craolta.

DE LUAIN 7 Bealtaine

7.00 Nuacht agus Aimsir 7.06 Sibhse a Pháistí Clár don óige, a chur i latháir ag Aingeal Ní Chonchubhair. 7.30 Irís an Luain Comhrá agus caibidil ar chúrsaí an lae ó nGaeltachtaí éagsula na tíre chomh maith le dreas ceoil anois agus arí. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Áitiúil 8.30 Séamus Ennis Anseo. 9.00 Nuacht agus Aimsir. 9.15 Deireadh craolta.

DE MAIRT 8 Bealtaine

7.00 Nuacht agus Aimsir 7.06 Togha agus Rogha Rogha na nÉisteoirí a dtogha ag Timlín Ó Cearnaigh, Neasa Ní Chinnéide agus Maidhc P. Ó Conaola. 8.00 Cinn línte agus Nuacht Áitiúil. 8.03 Cré na Cill Léamh d'amatiúil ar leabhair cháiliúil Mháirtín Uí Chadhain ó Aisteoirí Chonamara. 8.30 Lán a Mhála. Ceol tíre nuabhailithe. 9.00 Nuacht agus Aimsir.

DE CEADAoine 9 Bealtaine

7.00 Nuacht agus Aimsir. 7.06 Seal leis na Ridirí le Mícheál Ó Shea 7.30 Iris na Ceadaoine 8.00 Cinn línte agus Nuacht Áitiúil 8.03 Iris na Ceadaoine (Cuid a dó) 8.30 Faidhbanna Gaeilge 9.00 Nuacht agus Aimsir

DIARDAoin 10 Bealtaine

7.00 Nuacht agus Aimsir 7.06 Díbhse a mhná 7.30 "Sí do Mhamó í 8.00 Cinn línte agus Nuacht Áitiúil 8.03 An tSeachtain Seo 8.30 Sa mBruiseál 8.40 Rogha Gene Martain 9.00 Nuacht agus Aimsir

DE hAOINE 11 Bealtaine

7.00 Nuacht agus Aimsir 7.06 Sibhse a Pháistí 7.30 Iris na hAoine 8.00 Cinn línte agus Nuacht Áitiúil 8.03 Céad Bliain i bParóiste an Fhírtéaraigh 9.00 Nuacht agus Aimsir

Ar Laethe Saoire

An tseachtain seo caite chaith Treasa Bean Uí Chnámhsí agus a nion Gearoidín seachtain laethe saoire lena máthair Gráinne Bean Nic Suibhne i Loch an Iúir.

Tá Treasa agus a fear céile Naos as an Mhín Mhór, na gcónaí i nGlasú lena dteaghlach ach tá sé de rún acu pilleadh go dtí an Mhín Mhór an tSamhradh seo le cónaí.

Bhain Treasa agus Gearoidín spéis as an seal a chaith siad sa bhaile.

Gaoth Dobhair

Le gairid fuair clann tSuibhne i Machaire Chlochair scéala as Conneticut Mhericeá, go bhfuair a ndeirfiúr Maighread bás i notharlann thall ansin.

Seasco-dó bliain d'aois a bhí sí. Iníon i do Hughie Hudí Sheimidh agus a bhean Méabha nach maireann. B'as Oileán Ghabhla í, ach chuaigh sí go Meiriceá nuair a bhí sí an-óg. Pósadh ar fhear de thógáil Mheiriceá í. Tá a teaghlach fásta suas.

Cupla bliain ó shoin chaith sí féin agus a fear céile saoire sa bhaile anseo.

Gnímid comhbhrón le na deirfiuracha Máire agus Neansaí, agus a deartharacha Aodh agus Darbaí i nGaoth Dobhair agus leis an chuid eile den teaghlach sa Bhreatain agus i Meiriceá.

Ar na mallaibh cuireadh Seán Mac Aoidh as an Bhealtaine i reilig Ghort a' Choirce.

Chaith Seán seal bliantach i nAlbain. Bhí sé pósta ar bhean as Gaoth Dobhair Caitlín Nic Giolla Bhríde as Mín an Iolair, agus iad ina gcónaí i nGlaschu. Bhí aithne mhaith ar Sheán sa dá phobal. Gnímid comhbhrón le na bhean chéile a dheirfiúr agus a ghaolta uilig.

Thug Niall Óg Mac Suibhne cuairt ghairid ar a mháthair mhór, Gráinne Ní Dhuibhir, Srath Caonach agus ar a uncal Seán, i mBun a' Leaca le gairid. Bhí sé féin agus buachaillí óga eile as a scoil, ag déanamh turas ar Dhún na nGall agus Sligeach.

Dia hAoine an 20ú lá, cuireadh Caitlín Bean de Paor i reilig an Mhuileann Cearn. Ba as Oileán Ghabhla í.

Múinteoir scoile a bhí inti agus bhí sí ag teagasc ar an Mhuileann Cearn le fada. Is goirid ó bhuaill breoiteacht í. Tá seachtar clainne ina diaidh, cuid fásta suas agus cuid ar choláistí. Fuair a fear céile bás seal bliantach ó shoin.

Gnímid comhbhrón le na h-athair Eamon Tharlaigh Ó Duibhir, Ard na gCeapaire, a dearthaireacha Cathal, agus Seán, oide scoile. A deirfiuireacha Fanaí Nic Suibhne, Coitín, Nóra i nAlbain, Máire, atá ar an Mhuileann Cearn fá lathair.

Caitlín Nic Giolla Bhríde

50 Bliain Pósta



Conall Mac Fionnaile agus a bhean chéile Bríd as Uiniscin, Cill Carthaigh a bhí 50 bliain pósta ar an 23ú lá Aibreán.



Thuas; An tUasal Tomás Ó Domhnaill, Aire na Gaeltachta, le Proinsias Ó Muireagáin, Eagarthoir "Gaeltacht" agus thíos; An tUasal Ó Domhnaill le Séamus de Faoite agus Proinsias Ó Muireagáin le linn a chuairt ar Cló na Rosann.



Cuairt Aire na Gaeltachta

O leathanach 1.

Iarthar atá an chuid is mo den Ghaeltacht agus, mar Aire na Gaeltachta, beidh suim ar leith agam i bhforbairt an Iarthair ar fad.

Ó mo thaobh féin de is pribhléid dom, mar a dúirt mé cheana, post freagrach i leith na Gaeilge a bheith agam. Tá dóchas agam go mbeidh dea-mheán agus comhoibriú, de bhréis ar a raibh ann riamh cheana, ar fáil feasta ón bpobal agus go mbeidh an grá don Ghaeilge mar phríomhais againn feasta d'fhonn leas na teanga a chur chun cinn.

Tá fonn orm comhoibriú oiread agus is féidir liom le pobal na Gaeltachta agus tá mé cinnte go dtig linn go léir comhoibriú le chéile chun gur fearr fós a bheidh an Ghaeltacht mar áit chonaithe. Agus, ar ndóigh, ní féidir Gaeltacht a thabhairt ar cheantar ar bith mura mbíonn an Ghaeilge a labhairt ann. Ba mhaith liom go mór go mbeadh ar gcainteoirí duchais Ghaeilge sásta le cúrsaí ina gceantair féin - iad a bheith lánsásta fanacht ansin agus lánsásta leanúint orthu ag labhairt na Gaeilge. Is maith is eol dom go bhfuil deacrachtaí móra le sárú - go hairithe máidir le fóstaiocht fhiúntach a chur ar fáil - ach creidim go dtig liom bheith ag brath ar chabhair ó gach aon dream chun na deacrachtaí sin a shárú.

Ná ceapadh aon duine, afach, gur ag muintir na Gaeltachta amháin atá slánú na Gaeltachta agus na Gaeilge. Creidim gur cabhair mhór an Ghaeilge a bheith a húsáid lasmuigh den Ghaeltacht. Mura mbeadh Gaeilge ar bith a labhairt sa chuid eile den tír cén fath a mbeifí ag súil go leanfadh pobal na Gaeltachta féin de bheith a

labhairt? Ina theannta sin ní leis an nGaeltacht amháin a bhaineann an fheidhm reachtúil atá agam mar Aire na Gaeltachta chun "cabhrú le caomhnú agus leathnú na Gaeilge mar ghnáthurlabhra."

Agus sinn ag lorg bealaí chun úsáid na Gaeilge a leathnú ní fheadfaí gan áird a thabhairt ar chumas an eagrais dheonaigh. Is é mo thuairim go bhfeadfadh éagrais mar sin a lán a dheanamh chun an pobal i gcoitinne a mhealladh i dtreo na Gaeilge - agus ba mhaith liom beim a leagan ar na focail "mealladh" agus "pobal" i gcoitinne." Measaim gurb é an gríosadh dearfach, nó áiteamh gan achran, an modh oibre is eifeachtaí agus measaim go bhfuil se fíorriachtanach an pobal i gcoitinne a thabhairt i dtreo na Gaeilge má tathar le haon dul chun cinn ar fiú tracht air a dheanamh. Eagrais a leagfaidh amach cláir shásúla oibre chun úsáid na Gaeilge a chur chun cinn tig leo bheith ag brath ormsa cabhair airgid a thabhairt dóibh chun na cláir sin a chur i gcríoch.

Clóistear cur is cuiteamh uaireanta i dtaobh cad direach a bhíonn i gcéist nuair a bhítear ag caint ar an Ghaeilge a athbheochan nó a thabhairt ar ais. Ní fiú, dar liom, am a chur amú ar argóintí i dtaobh téarmaí. Chomh fada is a bhaineann liom féin is í ndaoine atá suim agam - laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht - agus ba mhaith liom níos mó Gaeilge a bheith a labhairt ag níos mó daoine ar níos mó ócáidí. Dár liom, is ar an mbealach sin is fearr a chinnteofar dul chun cinn don teanga - agus, dairire, dar gcultúr agus dar saintreithe duchais.

Ó LAODAIGH

Tróscan, Cairpéid, Crua-earraí, Earraí grosaera, agus péint.

An Clochán Liath

Guthan 56.

Thiar i nGleann Ceo

le Tadhg Ó Rabhartaigh

AR LEANSTAN

Anagaire

Thug an fear óg cúpla coiscéim fhada anonn a fhad le ceann de na fuinneoga agus sheasaigh sé idir na cuirtíní, ag amharc amach ar an ghealach tríd chraobhacha na gerann.

"A Mhic Ghiolla Dé," arsa Mac Alastair, agus é ag dingeadh an chiamsúir suas ina mhujnchille, "ba chóir go mbeadh a fhios ag fear de d'aois-se nach dtugaimse cead d'aon duine de mo chuid tionóntaí a bheith ar deireadh leis an chíos. Tá mianach agam thuas ansin, tá a fhios agat, agus neart airgid le saothrú ann. An té atá gann in airgead fá Ghleann Ceo is é féin is ciontaí leis."

"A dhuine uasail," arsa Conchúr Mór, "cha raibh mise aon lá riamh gann in airgead go dtí go dtug an aois orm mo phiocóid a fhágáil uaim. Agus cha raibh lá anáis orainn ansin, ach oiread, go dtí gur bhuaill an bhreiteacht mo mhac agus go dtáinig an bás ar an duine bhocht. Tá a fhios agat, a dhuine uasail, go raibh mé ar na mianachóirí ab fhearr i do mhianach le mo linn féin; agus tá a fhios agat, fosta, gurb í seo an chéad uair riamh a tháinig sé de mhífhortún orm a bheith ar deireadh le haon phingin den chíos."

Chaith Mac Alastair cos dá chuid thar an chois eile, go mífhoighdeach.

"Anois, a Mhic Ghiolla Dé," ar seisean, "nach bhfuil a fhios agat nach bhfuil neart ar bith agamsa ar rudaí den chineál sin? Ar ndóigh, ní bheifeá ag dúil go dtiocfadh liomsa cúl a chur ar an aois nó ar an bhás. Tig na rudaí sin ar gach aon teaghlach, tá a fhios agat. Nach bhfuil gasúir fán teach agat?"

"Tá, a dhuine uasail; agus beidh an fear is sine láidir go leor le ghabháil a tharraingt sa mhianach amach anseo i dtús an tsamhraidh."

"Cad é an aois atá aige?"

"Beidh sé sé bliana déag fá Shamhain seo chugainn."

"Sé bliana déag! Agus cad é a bhíonn seisean a dhéanamh?"

"Tá sé ar an scoil agam go fóill, a dhuine uasail."

"Ar an scoil! Dar mo bhriathar gurb é sin an scéal is greannmhaire a chuala mé le tamall maith."

Chrap sé suas a chroiméal beag liath leis an chár a chuir sé air féin.

"Deirim, a dhuine uasail, dá mba i ndán is go . . ."

Chuir an lámh thanaí ina thost é.

"Anois, a Mhic Ghiolla Dé," arsa an tiarna, "an é rud is mian leat a iarraidh ormsa a chreidbheáil go bhfuil anás ort, agus ógánach den aois sin ar scoil agat? Amaidí, a dhuine!"

D'éirigh sé ina sheasamh agus chuaigh sé go dtí an doras. Leag sé a lámh ar an mhurlán agus chas sé é.

"Más ag iarraidh spáis ormsa a tháinig tú," ar seisean, "tá do shiúl in aisce agat."

Sheasaigh sé ag fanacht go dtéadh Conchúr amach. Ba é mian Chonchúir, an uair sin, dhá chuid a dhéanamh dá ghiall righin; ach níor luaithe a tháinig an smaoineamh sin tríd a cheann ná lean smaoineamh eile é, ag inse dó nach raibh ansin ach tallann fir mhire. Choinnigh sé greim daingean ar a chiall, agus chuaigh sé chun an dorais. Tháinig an fear óg amach as idir na cuirtíní, agus chuaigh seisean fosta chun an dorais.

"A athair," ar seisean, i nglór stuama, "éist liomsa. Aimsir na Nollag atá ann! Ná bí róchrúa ar an tseandúine. Tá cuma chneasta air. Tá mé cinnte, má thugann tú cúpla mí dó, go ndéanfaidh sé a dhícheall leis an riaráiste a ghlanadh."

"Le cuidiú an Rí," arsa an seandúine, "beidh gamhain agus dhá uan le díol againn amach anseo; agus beo slán a bheidh mé féin is mo sheanbhean, beidh an bheirt againn ag fáil an phinsin seo a bhfuiltear ag caint air le fada. Idir gach aon chineál, a dhuine uasail, beidh na cúig phunt le fáil agat, ach tú spás go Féile Eoin a thabhairt dom. Beidh an gasúr ag gabháil chun an mhianaigh, fosta, i ndiaidh na Féile Pádraig, beo is slán a bheidh sé."

Bhí Mac Alastair ag méaraíradh ar an mhurlán, agus gnúis air ar dhoiligh léamh uirthi. Dhírigh sé é féin go tobann.

"Tá mé ag gabháil a thabhairt seans duit, a Mhic Ghiolla Dé," ar seisean, "nach dtug mé do mhórán daoine riamh. Ní dhéanfainn é ach go bhfuil a fhios agam go raibh tú ar an fhear ab fhearr i mo mhianach lá den tsaol. Bíodh leath an riaráiste agamsa uait roimh dheich lá. Cuir an gasúr sin agat amach chun an mhianaigh i ndiaidh na Nollag. Agus bíodh an leath eile den riaráiste agam uait roimh Lá Féile Pádraig."

Bhí sé ag foscladh an dorais tosaigh ar dheireadh na cainte seo, agus a lámh aige ar ghualainn an tseandúine. An duine aineolach a bheadh á choimhead an tráth sin, ní bheadh a fhios aige, leis an chineál cáir a bhí air, cé acu a bhí sé ag brú amach an tseandúine go béasach, nó ag baint moille as le neart tola dó.

"Oíche mhaith duit," ar seisean, agus dhruid sé an doras go cúramach i ndiaidh Chonchúir Mhóir.

Bhí solas i siopa Eoin an Droichid nuair a chuaigh Conchúr Mór an fad sin. Chuaigh sé isteach. Bhí Eoin i gcúl an chuntair agus é ag cuntas uibheacha. Bhí an ghirseach bheag a tháinig leis na huibheacha ina seasamh go cúthalta taobh istigh den doras, agus amharc eaglach á thabhairt aici, anois is arís, ar an diúlach mharógach a bhí ar an taobh istigh den chuntar. Agus, go dearfa, ba bheag an t-iontas do thachrán ar bith a bheith fá eagla roimhe. Óir, sa chéad áit, bhí dhá shúil dhearga aige a chreathnódh páiste ar bith. Ansin, bhí dhá smig i mullach a chéile air, agus an ceann uachtarach á crapadh glan as aithne ag toirt an chinn íochtaraigh. Bhí pluca séidte air, blagaid air anuas go dtí na cluasa, pus roicneach air, agus é i dtólamh ag cur a anála uaidh ina séideáin amach tríd a chroiméal. Bheannaigh sé go fuarbhruite do Chonchúr Mhór.

Chuir Conchúr a chás ina láthair nuair a d'imigh an ghirseach bheag.

"Mé i ndiaidh a theacht aníos as Inis Colmán," ar seisean. "Mac Alastair atá i mo dhiaidh fán chíos. Caithfidh sé a leath a fháil roimh dheich lá, agus níl sé agam le tabhairt dó. Mé ag smaoineamh go mb'fhéidir go gceannófa an dá chaora uaim. Is doiligh liom a ndíol agus uain iontu; ach cad é thig liom a dhéanamh?"

Lig Eoin an Droichid gnúsacht as féin.

"Tá mo sháith caorach agamsa san am i láthair," ar seisean. "Barraíocht acu atá agam."

"Ní cheannófa uaim iad?"

"Níl siad de dhíth orm," arsa Eoin. "Ach, ó tharla an scéal mar atá sé, dhéanfaidh mé seo leat. Tiomáin anseo ar maidin iad go bhfeice mé iad. Má thaitníonn siad liom, cuirfidh mé luach orthu. Íocfaidh mé thú as ceann acu agus coinneoidh mé luach an chinn eile i dtús na seacht bpunt d'fhiacha atá ort anseo."

"In ainm Dé, bíodh trócaire ionat," arsa an seandúine. "Nach maith atá a fhios agat nach ndéanfaidh luach caorach amháin Mac Alastair a shásamh? Nár inis mé duit go gcaithfidh sé leath an chíosa—sin an deich is dá phunt—a fháil roimh dheich lá?"

"Agus cad chuige nach n-iarraínnse mo chuid féin chomh maith le Mac Alastair?" arsa Eoin, ag ardú a ghlóir go bagarthach. "Nach bhfuil bó thall ansin agat?"

"An bhó dheireanach a dhíol, an ea?" arsa Conchúr Mór, agus crith ar a ghlór. "A Eoin an Droichid, is cruá an croí atá agat!"

Thiontaigh sé amach ar an doras agus a chroí tinn. Bhí oíche ghealaí ann, gan néal sa spéir, ná smid ann a bhogfadh ribe ar do cheann. Bhí siosarnach agus monabhar an iomad sruthán ag coinneáil cuideachta leis, ag gabháil an bealach dó go malltriallach. Bhí sámhghlór Abhann na nEas, ag teacht chuige aníos taobh an ghleanna, corruair go híseal, corruair go hard soiléir. Chuala sé gáirí an aosa óig, anois agus arís, agus corrháir uaibhreach ag baint macallá as dhá thaobh an ghleanna. Thagadh tafann madaidh chuige tríd na glórtha seo, in amanna, nó búireach bó a bhí ag fanacht lena bleán i mbóitheach éigin. Agus tháinig scairt choiligh chuige, tríd an iomlán, as cró nach raibh i bhfad uaidh.

Ach ní raibh Conchúr Mór ach ag ligean na nglórtha seo isteach ar chluais amháin agus amach ar an chluais eile. Go dearfa, ba bheag má bhí mothú ar bith aige orthu; cé gur bhinn leis iad gach aon lá riamh.

Leath bealaigh idir an Droichead agus a theach féin, thug sé fá deara an solas beag ag gabháil síos an Mhala Mhór le luas a bhí as cuimse. Baineadh stad as, agus ghearr sé an

chrocht chéasta air féin. Cad é an gnó a bheadh ag aon duine saolta le solas, oíche mar seo, agus é chomh geal leis an lá? Níorbh fhada gur phill an solas aníos an mhala ar ais, go fadálach an iarraidh seo. Choimhead sé é ag teach go barr na mala agus ag imeacht síos arís leis an dúluas. Leath bealaigh síos, chuaigh sé as i dtobainne, agus d'éirigh an dúchallán ag scata aosa óig ann.

"Maise, maise!" ar seisean leis féin. "Nach beag a gciall? Ag sleamhnú ar an Mhala Mhór leis an tseandúine sin, agus giota de choinneal mar sholas acu air! A Thiarna, nach méanar dóibh!"

Bhí craos tine thíos ag Tríona, ag gabháil isteach dó, agus a shuipéar bracháin choirce réidh fána choinne ar an bhac. Bhí sí féin agus an tseanbhean ag cur dornán miotóg agus stocaí garbha i mbeairtín; óir Oíche Nollag Mór a bheadh ann an oíche arna mhárach, agus bhí Tríona ag gabháil go Baile na Sí ar maidin leis an bheairtín seo agus le dornán uibheacha go bhfaigheadh sí cúig nó sé de scillingeacha orthu a chuirfeadh thárt an Nollaig dóibh chomh maith is thiocfadh leo.

Tuilleadh i gceann coicise

Dhéanann a gcairde go leir i gCill Carthaigh agus Anagaire comhghairdeachas le Conall Mac Fhionnaile agus a bhean céile Bríd as Uiniscín, Cill Charthaigh a bhí caoga bliain pósta ar an 23ú lá Aibreán.

Ba mhaith le Coiste Buíon Ceoil na bPáistí, Anagaire, míle buíochas a thabhairt do mhuintir na Rosann, Gaoth Dobhair agus Cloich Ceann Fhaola a thug síntiús agus a d'fhreastail ar an damhsa a bhí acu sa Ray River Inn tá goirid ó shin.

Tá suil ag a chairde go leir nach mbeidh i bhfad go mbeidh Seán Mac Giolla Bhríde as Anagaire, atá san Ospidéal i Leitir Ceanainn, san bhaile. Tá aithne mhaith ar Sheáin sa Pharóiste de thairbhe an siopa breá atá aige, ag an Droichead.

Ta na léachtaí sa Cheard Scoil Loch an Iúir críochnaithe anois don téarma seo.

Sé Diarmaid Ó Ceallacháin, na Cealla Beaga a thug an léacht deirneach ar matamaitic nua-aimseartha

Bhí brón mór ar fud Paróiste Anagaire nuair a chuladar fá bhás Nellaí Ní Earraile "An Bungaló" Anagaire a tharla tá goirid ó shin.

Bhí slua mór lena torramh go Seipéal Naomh Mhuire, Réalt na Mara, Anagaire. An tAthair Eoghan Ó Colm, Riarthóir, a bhí i mbun an tsearmanais.

Déantar combhrón an Phobal lena daoine muintreach go lear.

Ar dheis Dé go raibh a hanam.

Comhghairdeachas le Anna Ní Bhaoill (Aois 11) nion Mhánuis Uí Bhaoill agus a bhean as Baile Mhánais An Ceann Caslach a bhain teastas i gcomórtas cníotáil geansaí a bhí a rachtáil ag Comhlucht Sunbeam, Corcaigh.

Tá Anna ar Scoil Anagaire.

Má tá . . .
SCÉALTAÍ GRINN agat, cuir chugainn iad. Bronnfar 50p ar an scéal is fearr ar gach eagrán de "Ghaeltacht."

RÁTAÍ "GAELTACHT"

fríd an phost

Ainm

Seoladh

.....

.....

£

6 mhí £1.10p

1 bl. £2.20

Rátaí speisialta do ordú mór

"GAELTACHT"

Cló Na Rosann,

Gaoth Dobhair,

Leitir Ceanainn,

Tír Chonail.

Lúidín Mac Lú

Bhí Rí agus Banríon na gcónaí in Éirinn fadó. Bhí siad an-saibhir, agus ní raibh acu ach an t-aon iníon amháin.

Lá amháin tháinig Prionsa go Caisleán an Rí agus dúirt sé leis an Rí gur mhaith leis a iníon a phósadh. D'iafraigh sé den Rí an raibh sí maith ag obair nó a dtiocfadh léi aon rud a dhéanamh. Oh, arsa an Rí is féidir léi gach rud a dhéanamh. An dtig léi ór a dhéanamh? Bhí náire ar an Rí ansin agus dúirt sé go raibh sí ábalta ór a dhéanamh. Tabharfaidh mé liom í go dtí mo Chaisleán anocht agus cuirfidh mé triall uirthi go bhfeicí mé. Má tá sí ábalta ór a dhéanamh pósfaidh mé í, ach muna bhfuil sí ábalta ór a dhéanamh cuirfidh mé tú féin agus í chun báis.

D'imigh an Phríonsa agus an cailín óg go dtí a theach féin. Ar maidín thug an Phríonsa an cailín óg leis isteach i seomra mhór a bhí lán de fhéar. Déan ór den bhféar seo uilig roimhe an mhaidín nó cuirfidh mé tú fhéin agus do athair chun báis. Ansin chuir sé glás ar an doras agus d'imigh sé.

Shuí Róisín síos agus thosaigh sí ag caoineadh, ní féidir liom ór a dhéanamh, ní féidir liom ór a dhéanamh. Leis sin d'oscail an doras agus shiúl an fear beag óg seo isteach. "Cad a bhfuil tú ag caoineadh faoi a dúirt sé léi? Dúirt an Phríonsa liom ór a dhéanamh as an bhféar seo, ach ní féidir liom."

"Ma thugaínn tú an rud sin ar do mhéar dom dhéanfaidh mé ór duit." Thug Róisín an fainne don fhéar óg agus ansin shuí an fear beag síos. Bhí amhrán beag a chanadh aige:

"Hó, Hé, casfaidh mé é, casfaidh mé é, Timpeall is timpeall is timpeall arís, Hó, Hé, casfaidh mé é." Lean sé mar sin go dtí go raibh ór déanta den bhféar uilig, agus ansin d'imigh sé.

Ar maidín d'oscail an doras agus tháinig an Phríonsa isteach. Oh, go maith, go maith. Thug sé greim laimhe léi agus thug sé isteach i seomra í, seomra a bhí chomh mór agus comh leathan arís is a bhí an chéad cheann. Déan ór as an bhféar seo roimhe an mhaidín nó cuirfidh mé tú fhéin agus do athair chun báis. Ansin chuir sé glas ar an doras agus d'imigh sé.

Shuí Róisín síos agus thosaigh sí ag caoineadh. Ní féidir liom ór a dhéanamh; Ní féidir liom ór a dhéanamh. Leis sin d'oscail an doras agus tháinig fear óg isteach. "Cad a bhfuil tú ag caoineadh faoi a deir sé léi? Dúirt an Phríonsa liom ór a dhéanamh as an bhféar seo, ach ní féidir liom."

Má thugann tú an rud sin atá thart ar do mhúineal dom dhéanfaidh mé ór duit. Thug Róisín an rud dó agus ansin shuí an fear beag síos. Bhí amhrán beag a chanadh aige:

"Hó, Hé, casfaidh mé é, casfaidh mé é, Timpeall is timpeall is timpeall arís, Hó, Hé casfaidh mé é." Lean sé mar sin go dtí go raibh ór déanta den bhféar uilig, agus ansin d'imigh sé.

Ar maidín d'oscail an doras agus tháinig an Phríonsa isteach. Oh, go maith go maith. Thug sé greim laimhe léi agus thug sé isteach i seomra a bhí chomh mór agus comh leathan arís is a bhí an cheann roimhe sin. Déan ór as an bhféar seo roimhe an mhaidín nó cuirfidh mé tú fhéin agus do athair chun báis. Ansin chuir sé glas ar an doras agus d'imigh sé.

Shuí Róisín síos agus thosaigh sí ag caoineadh. Ní féidir liom ór a dhéanamh, ní féidir liom ór a dhéanamh. Leis sin d'oscail an doras agus tháinig an fear beag óg seo isteach. "Cad a bhfuil tú ag caoineadh faoi a dúirt sé léi? Dúirt an Phríonsa liom ór a dhéanamh as an bhféar seo ach ní féidir liom." Cad a thabharfaidh tú dom má dhéanamh mise an t-ór duit? Níl

aon ní agam le tabhairt duit. An dtabharfaidh tú do chéad leanbh dom? Ach b'fhéidir nach mbeidh leanbh agam go dteo arsa sí. Ach má tá tabharfaidh mé duit é."

Shuí an fear beag síos agus thosaigh sé ag canadh amhrán beag:

"Hó Hé, casfaidh mé é, casfaidh mé é, Timpeall is timpeall is timpeall arís, Hó, Hé, casfaidh mé é." Lean sé mar sin go dtí go raibh ór déanta den bhféar uilig, agus ansin d'imigh sé. Tháinig an Phríonsa isteach agus chaith sé a dhá lámh thart ar mhúineal Róisín. Pósadh iad go goirid ina dhiaidh sin agus bhí siad go sona sásta ina dhiaidh sin.

Go goirid ina dhiaidh sin bhí leanbh acu agus bhí gach duine sásta. Lá amháin nuair a bhí Róisín ag tabhairt a cuid don leanbh nuair a d'oscail an doras agus tháinig an fear beag óg seo isteach.

"Tabhair dom an leanbh seo mar is liomsa é." Ní leat é agus níl mé dul a thabhairt duit é." Rinne mise ór duit agus anois ní thabharfaidh tú mo leanbh dom. Is fearr liom an leanbh ná aon ní eile ar an domhan seo. Tabharfaidh mise ór duit."

"Seo an rud a dhéanfaidh mé. Ní a fhíos agat cad is ainm dom. Tabharfaidh mé trí lá duit le fáil amach cad is ainm dom? agus má tá fhíos agat cad is ainm dom ní thógfaidh mé an leanbh uait." D'imigh sé ansin.

Chuir Róisín teachtaire amach le líosta de gach fear san áit a scríobh síos. Tháinig sé ar ais agus bhí líosta mór fada leis.

Tháinig an fear beag isteach agus d'iafraigh sé cad is ainm dom?"

An tú Óisín? Ní hea, Ní Hea.

An tú Fionn? Ní hea, Ní hea.

An tú Séamus? Ní hea, Ní hea. Dúirt

Róisín gach ainm ar an líosta ach i ndiaidh gach ainm deireadh sé, Ní hea, ní hea. Tá dhá lá eile agat le mo ainm a fháil amach. D'imigh sé ansin.

Chuir Róisín an teachtaire amach le líosta de gach fear san áit a scríobh síos. Tháinig sé ar ais agus bhí líosta mór déanta aige.

Tháinig an fear beag isteach agus d'iafraigh sé, "cad is ainm dom?"

An tú Brian? Ní hea, ní hea.

An tú Peadar? Ní hea, ní hea.

An tú Éamann? Ní hea, ní hea.

Dúirt Róisín gach ainm ar an líosta agus i ndiaidh gach ainm dúirt sé, ní hea, ní hea. Tá lá amháin agat le mo ainm a fháil amach. D'imigh sé ansin.

Chuir Róisín an teachtaire amach an lá ina dhiaidh sin arís agus nuair a tháinig sé arís dúirt sé. Ní bhfuair mé ach aon ainm inniu.

Nuair a bhí mé ag dul thart ar choill chonaic mé teach beag an-dheas Taobh amuigh den teach bhí gairdín deas agus bhí tine losta sa gháirdín agus bhí fear beag ag damhsa thart fán tine agus amhrán deas a cheol aige.

Ho, Hé, tógfaidh mé é, tógfaidh mé é,

Níl fhíos aici cad is ainm dom,

Is mise Lúidín Mac Lú. Oh, tá a

fhíos agam anois cad is ainm don bhféar a rinne an t-ór dom.

Tháinig an fear beag isteach agus d'iafraigh sé, cad is ainm dom?"

An tú Cú Chulainn? Ní hea, ní hea,

An tú Michilín? a dúirt Róisín go magúil, ní hea, ní hea.

An tú Lúidín Mac Lú. A dúirt Róisín. Cé a d'inis sin duit arsa seisin, agus bhuaile sé a chos comh trom ar an t-urlar go chuir sé a chos fríd an t-urlar le tréan feirge.

D'imigh sé agus ní bhfaca aon duine é o sin amach.

Mhair an Rí agus an Banríon agus a iníon go sona sásta ina dhiaidh sin.

Anna Ní Ludhog, A.2

Scoil Chuimsithe,

Na Gleanntaí,

Co. Dhún na nGall.

Leann an Cabhlach

Tá rud úr tosaigh againne ar an scoil anois. "Leann an Cabhlach" a tugtar air. Rud iontach suimiúil atá ann agus tá cuid mhór eolais le fáil uaidh.

Tagann sé uair amháin gach seachtain agus innseann sé dúinn fá bhadaí na hÉireann. Innseann sé cé'n áit, ce'n uair agus an rud a bhíonn ar bord ag gach bád maidín Dé Luain.

Naoi mbád atá ann uilig agus bíonn siad i ngach áit tríd an domhain sa nAfraic, Meiriceá, Eoraip agus an Astráil.

Bíonn eolas fá bhaile éigin ann fosta agus cuideann sin go mór lenár gcuid Tíreolais.

Tá suim mhór ag gach duine againn ann agus foghlaimíonn muid cuid mhór uaidh.

Máire Claire Nic Giolla Bhríde.

Scoil na nDoirí Beaga.

Is iomaí abhar sa scoil againn furast agus deacair ach silim féin gur bé "Leann na Cabhlach" an ceann is fearr mar tá sé suimiúil, furast, agus taitneamhach.

An chiall atá le "Leann an Cabhlach" ná badaí lósta na hÉireann a theann gach áit thart an domhan a fháil ar an léarscáil, fáil amach cá bhfuil siad ag dul agus Caidé an losta atá leo.

Na badaí atá i gceist ná an

"Irish Cedar", "Irish Plane"

"Irish Stardust", "Irish Star",

"Irish Pine", "Irish Elm",

"Irish Sycamore", "Irish Rowan",

An chéad seachtain bhí léarscáil den domhan isteach leis anois gach seachtain tig páipéar agus an teolas uilig air. Ar an taobh eile den pháipéar bíonn nóta ar cheann

de na bailte air. Bíonn ag fanacht leis gach seachtain.

Peadar Mac Giolla Bhríde.
Scoil na nDoirí Beaga.

Cuireann Comhlucht Long na hÉireann Teoranta amach an bhilleóg seo gach Luain. Bhéireann sé eolas duit cen áit a mbíonn longa trachta na hÉireann ag mean lae gach Luain.

Iníonóir sé fosta an cineál lasta a bhíonn a iompar acu. Ainmneacha crann atá ar mhór chuid longa lasta na tíre seo. Ainmneacha mar Irish Elm, Irish Cedar, Irish Rowan agus Irish Sycamore.

Iompraíonn siad cruai, gluasteáin, gráin, fósfaid agus brúitín adhmaid. Léigh mé ar an pháipéar Dé Ceadaoin go mbeidh dhá long úra ag dul ar an tsnámh. Irish Larch an tainm atá ar ceann dóibh. Béidh an long sin ag dul ar an tsnámh i mí Iúil. Is i nGlaschu a tógadh é agus beidh sé ábalta 26,000 tonna a iompar.

Irish Oak atá ar an bhád eile agus beidh sé réidh le obair ag deireadh na míosa. Le goirid a cuireadh amach an Irish Pine agus Irish Maple. Longa na hÉireann uilig le chéile d'iomproch siad 283,000 tonna. Sin an figiúr is mó ariamh i stair na Comhluchta. Ar chúl gach billeóg bheireann sé cuntas ar bhaile aithrí gach seachtain. Mar shampla Houston, Sydney agus Tampa.

Sílim féin go bhfuil "Leann an Cabhlach" iontach suimiúil. Bhéireann se eolas maith duit fá na bailte agus a gcuid Ollmhuirthe.

Tá eolas maith ann do pháistí bhunscoile ó thaobh Tíreolais de.

Donnchadh Mac Niallais

Scoil na nDoirí Beaga.

Éin na hÉireann



AN PREACHAN
Corvus Frugilegus

Rook

'Sé an preachan a bhíonn i gceist ag mui n-tír na hÉireann nuair a luann siad an "crow" as Béarla. Mar a fheicfidh tú thuas "rook" an Béarla ceart atá air.

Taobh amuigh den ghob atá ban, bíonn an corp dubh agus é tuairim ar ocht nórlaigh ar fad. Sa chéad bhliain ar an tsaol cailítear cleití as thart faoi bhun an ghoib rud a fhagann cuma gheal air.

Ar thalamh na feirme is mo a fheictear an preachan cé narbh amhlaidh i gconaí. 'Sna crainn a rinne an preachan conaí i dtús ama. Le forbairt na talamhaíochta leathnigh an reimshe ina mbíonn teacht ar an phreachan ó na steipeanna i lár na hEorapa anonn fhad le

hÉirinn. Ar chaitheogaí agus ar bhar is mó a mhaireann sé. Bíonn saothar air nuair a shiocann an talamh agus teipeann air a ghob a sha isteach ann le theacht ar bhia nó nuair a thig tromlach an tSamhraidh nuair a chruaifadh an talamh arís.

Rud neamhghnathach amháin faoin phreachan, bíonn sé a dó no a trí de bhlianta d'aois sula a dteann sé i mbun neide, tógann an chuid is mó de na héin gearraigh sa chéad bhliain ar an tsaol dóibh agus níltear cinnte cen fáth nach amhlaidh don phreachan.

M.O.M.

Do'n Aois Óg . . .



Dia dibh a pháistí,

Seo bhur gcara Andaí ar ais. Tá súl agam gur bhain sibh sult as na laetha saoire. Bhí am brea agam fhéin. Nach deas an sceal "Lúidín Mac Lú" a chur Anna Ní Ludhog, as Scoil Chuimsithe, na Gleanntaí agam. Baineann Anna 50p.

Seo thíos cuid den na pictúirí páistí a cuireadh chugam. Ar chuir tusa do phictúir go fóill?


Slán go fóill,

ó bhur gcara . . .


Andaí.



Seán, Toirealach, Nóra agus Nial. Páistí Ghráinne agus Toirealach Mac Grianna as Loch an Iúir.



Méibhe Ní Dhomhnaill, nion Máire agus Seán Ó Domhnaill as Anagaire. Tá Méibhe ar scoil Anagaire agus ina ceannaire ar buíon ceoil na bpáistí.



Máire, Bríd, Siobhán agus Caitlín, páistí Chaitlín agus Cathal Ó Domhnaill as An Ghleann, Anagaire.



Buíon Ceoil Páistí Anagaire ag mairseal tríd Anagaire Domhnach Cásca.



Jacqueline, Jo Ann, Seán agus Gearoidín. Páistí Treasa agus Naos Mhic Cnaimhsí, atá i nGlascú agus a bhéas ag teacht le cónaí ar an Mhín Mhóir an Samhradh seo.

Chuir an mháthair buachaill beag amach go siopa an Bhúistéir le cloigeann caorach fhaghail. Chuaigh sé fhad le teach an Bhúistéir agus chonnaic sé scaifte mór caoirigh ansin agus na cloigne uilig ortha.

Dimigh sé leis abhaile arís agus gan rud ar bith leis.

Chuir a mháthair ceist ar cá raibh cloigeann na caorach agus dúirt sé, go bhfaca sé na caoirigh uilig ag teacht chun siopa an Bhúistéir ach go raibh na cloigne uilig ortha.

Mícheál Ó Gallchoir.
An Coitín.

Nuair a tháinig an chéad scathán ar an mhargadh, bhí fear a ndíol ar aontaí thall agus i bhfas. An lá seo cheannaigh fear ceann acu agus shaigh sé i bpoca a chóta é. Ba ghnáth leis amharc ann anois agus arís agus bhí iontas ar a bhean caidé bhí ina phóca leis. Dar leí féin; Tá mé cinnte gur píctiúr de cháilín deas éigin atá leis. Nuair a fuair sí seans, d'amharc sí ina phóca agus fuair sí an scathán agus d'amharc sí ann; Shíl sí gur píctiúr mná eile a bhí ann;

"O! Maise," arsa sise leí féin, "is maith is fiú dó suim a chur ina leithéid siud"

Eilish Nic Meanmain,
Bothair Dhun na nGall
Bealach Feich
Co. Dhun na nGall

LÁ BREÁ EARRAIGH

Lá brea Earraigh a bhí ann. Bhí mise agus mo chara ag dul na bhaile on scoil. Bhí an lá go brea agus duirt muid go rachadh muid ar phicníc. An tráthnóna sin tháinig bualadh ar an doras, nuair a d'oscail mé an doras bhí Maire Claire ag an doras.

Fuair muid an picnic reidh agus dimigh muid linn. Chonaic muid léar mór rudaí ar an bhealach. Bhí asal

ina seasamh ag geata páirce agus é ag amharc orainn, chuaigh muid anonn chuige agus chuir muid lámh air.

Fuair muid áit deas i lár coille fá choinne an phicníc. Chuaigh muid ag siúl sa choill go dtí go raibh sé in am dúinn dul na bhaile. Ar an bhealach na bhaile dúinn chonaic muid éinín ag ceol. Bhí sruthán ag taobh an bhóthair agus blátha ag fás thart air.

Máire Ní Mhuireagáin
Scoil na nDoirí Beaga.



Fás agus Bláth ár dTeanga

leis an tAthair Eoghan Ó Colm

Tá brú iontach ar an teanga Gaeilge fa láthair idir Radió, Telefís, Páipéir Ghallda agus an Imirce ar ndoighe. Má tá sí láidir, beidh sí ábalta an brú sin a sheasamh. Má tá fás ar bith fágta innti eireoidh léi an iasacht a mhunú ar bhealach Ghaelach mar a rinne sí san am a chuaigh thart. An bhfuil an beatha agus an brí sin innti? Bí sé innti san am a chuaigh thart agus tá daoine stuama go fóill, daoine a bhfuil béarlachas tríd an teanga samhnasach air abalta bua a fháil ar an cheist achanach seo.

Tá siad ábalta an suathadh a dhéanamh go deismir, dath agus blás Gaelach a chur ar an allurach dreach dhúchasach a chur air.

An chéad uair ariamh a chonnaic bean Thoraigh zip festener, bhí ar a cumas an fuinneamh agus an eifeacht atá inardteanga féin a léiriú agus "fáiscín reatha" a bhaisteadh air. Acra iontach an Zip ach measam an Gaeilge a chur sí air a bheith comhfrúntach leis an gníomh a rinne an fear a chur i gcionn a chéile é.

Dálta an iascaire, nuair a leag sé a shiúl ar an chéad Outboard Motor a tháinig go Toraigh, bhí sé ábalta an t-ainm ceart a thabhairt air nuair a dúirt sé gur acra sásta an "Tinneall Crochta". Nó caidé mar cuirfeá Gaeilge ar "Put the engine in reverse gear?" Chuala mé fear Thoraigh ag rá; "Cuirbuille chun deiridh air." Put it in forward gear; "Cuirbuille chun tosaigh air."

"Chá dtáinig na 'Coláisteoirí go fóill" a dúirt bean comharsan le mo mháthair lá amháin agus í ag giollacht an tí fá choinne páistí a bhí ag teacht a fhoghlam Gaeilge ar Chólaiste Chloich Cheann Fhaola. Bhí na deich n-aithne agam ar an bhean cheanna, agus cé nach raibh ionnam ach spurach de ghasúr san am chuir mé sonradh i nglainneacht na teanga. Ní raibh léann ar bith aici, nó Béarla aici, ach dara maircineacha

ba bhinn amach a cuid Gaeilge agus ba deas a thiocfadh léi a cur chun caithte.

An chéad uair ariamh ar dtug mé "Tape Recorder" liom chun na gCruach bhí rún agam Seán Ó Dochartaigh a thógáil ag buaileadh na fidile. Ti Phat Mac a Luain a bhí mé agus is iomaí oiche phléisiúra a bhí againn sa teach ceanna. Da gcuirfidh raca ar Gaeltachtaí na tíre, ní shílím go bhfuil cónaí eile le fáil a bhfuil an Ghaeilge ann atá taobh istigh de ceire ballaí an tí sin.. Ar an droch uair togadh Pat ar shiúl uainn, go ndéanfaidh an Rí grásta air. Ní rabh focal, bugadh, nó gníomh ar fud an tí nach raibh crochaíocht Gaelach air. Tá morán a thiocfadh liom a rá fa'n áit chulriosta seo agus mé ag dreim le bheith a innse arís diobh. Cibe ar bith, dhearc Pat ar an Tape Recorder agus leag mise mo shiúl ar Phat. "Caidé mar a chuirfeá Gaeilge ar an acra sin?" arsa mise "Tá" arsa Pat ar an darna focal, bheirhinn "Roithleán Tógála" air agus measam go n-aimsíonn sin é go beacht. Ní thabharfadh Pat ainm Béarla ar, nó níor chuala mé focal Béarla ariamh aige.

Ach tá focail in úsáid againn nach dtáinig chugainn ó dhaoine intleachta a bhí gasta sa teanga. Mar deirfeá, "cha dtáinig siad an aithgiorra mar a tháinig focail cosúil le geam - game. No stuth, stoith - stuff. "Tá droch stuth san eadach sin," deirfeadh na seandaoine Sin droch earradh. Dá mbíodh siad ag caint ar rogaire éigin, deirfeadh siad "droch earradh an fear sin." Tá focail bheaga cosúil le haspa, hata, blaicín, artiocail nach bhfuil moill ar dhuine ar bith a ndúchas a aithne. Nóisíán, Móisíán. "Tá nóisíán aige do Mháire." "Sílím gur shiolraídh móisíán ó "motion," ach ní sin mar chuirfa in úsáid é. "Níl an aimsir ag cur lá móisíán ar Sheáin" - Níl sé ag cur lá buartha air.

Tá focal amháin a chuireann

meangadh gáire ar mo bheal achan uair a gcluimim é. Tagann sé ón fhocal Béarla - straight. Rinne bunadh na Gaeltachta strite de. "Tháinig sé strite na bhaile" - tharraing sé caol díreach ar an bhaile, sé fáth an imeangthe nó go gcuireann fuam Gaelach an fhocal Cockney i gcuimhne diom.

Castar focail orainn anois agus arís nach bhfuil a sliocht comhfolasach leis na cinn sin. Focal acu sin - hairicín - Hurricane. Ag m'athair a chuala mé an focal ar tús, agus an ciall seo leis "Chuaigh an lá chun donais agus mé ar an phortach, agus fuair mé hairicín bocht ar mo bhealach na bhaile."

Bhí ciall eile aige leis an focal fosta. Nuair a bhí mise mo ghasúr bheag, b' é an gnás am Geimheidh sap cochain nó fear a thabhairt do na ba roimh am bli. Deireadh m'athair liom "Las an h-airicín, go dtugaimid sapóg don eallach (hurricane lamp) Níl fhios agam caidé mar sheol an focal isteach sa teanga. B'féidir gurbh seoltóirí ar na soithigh éadaigh a bhronn orainn é. Chuir sé iontas orm nach raibh an focal in úsáid i dToraigh, áit a mbeifeá ag dréim leis. "Laindeir" an focal atá in úsáid acu san.

Focal eile a chuir mé mioldaireacht ann go minic - cuirintín. Shiolraigh sé an focal quarantine. Dá mbíodh bean ansin nach raibh ábalta treabhadh lena fear; deirfeadh daoine; "Tá sí ag cuir isteach a cairintín leis." "S' mé chuir isteach mo choirintín aréir leis an deideadh."

Dálta an focal Hairicín, b'féidir gur an imirce a bhronn an focal cuirintín orainn. Cuireann sé Ellis Island i gcuimhne dúinn, nó Oileán an Anró, mar a bhaist bunadh Thoraigh é.

Cionn de abhair móra ha huair no modhanna agus sceimeanna oideachais. Is mór an teacht chun cinn é ó'n am a raibh na scoláirí na shuí cois na

gcláíocha. Deirtear linn go raibh Laidin ar a dtoil fhéin ag morán de na daoine bochta.

Bhí scalán thíos, uaim i mBéal an Atha Mhoir. Tá Droichead an Scaláin ansin go fóill. Nuair a bhíodh gléas air thugadh Sagart le h-Aifreann a rá ag an Droichead. Bhíodh Dalaigh na Glaisigh i láthair. An Domhnach seo bhí siad mall agus an sagart ar obair, ar an Aifreann. Bhí go leoir déanta. Thoisigh an clampar eatru féin agus an sagart, agus thoisigh an eargail; d'feann siad agus d'ith siad a chéile agus i ndeireadh na dála, d'éirigh an teangmhail comh dolba sin sa deireadh gur athraigh siad go dtí Laidin. Bhí pobal mór daoine i láthair agus an leadradh comh nimhneach sin nár mhaith leo brú an chaibhidil a leigeann leis. Mheasainn go mbéidir go raibh siad ag steallmhagadh ar a chéile agus gnoithí pearsanta a dtabhairt chun tosaigh ag an am seo.

Cibé ar bith, mheas mé le fada nach raibh iarsmaí Laidine ar bith fágtha i measc na ndaoine an lá atá inniu ann. Go h-ádhúil bhí mé contráilte. Ar mo choisceim an lá fa dheireadh, casadh seanbhean as an Ghlaisigh orm agus í ar an bhealach go Baile na Finne lena pinsean a thógáil. Mar tharlíonn i gcónaí ar na h-ócáidí seo, ba í an aimsir ábhar ar gcomhra agus ar ndoighe níorbh iontas ar bith í bheith i mBéal gach duine i mbliana. Bhí sí ar thoil na tíre, achan lá ag breith lena ar an lá eile. Dúirt daoine liom fiú amháin, go raibh trait sa targaireacht ar an Fhomhair seo caite. Cibé ar bith, bhí an sean pinsinear seo de bhean ag inse dom gur chuala sí seanfhear a bhí ar shiúl thart na ceithre scór go leith ag rá, agus é ag moladh an chúinis nár chuimhneach leis am comh maránta ó rinne slat cóta de agus arsa sise ag cur na dlaioig mullaigh ar an sceal, sin an "gaidium" a bhí aigesan. Tagann an focal gaudium an bhriathair gaudere. Gheobhaidh foighid fortacht.

Buíon Ceoil Páistí An Chlocháin Leith





ag teastáil

AG TEASTÁIL: Sealáí no teach ar an Bhun Bhig nó Doirí Beaga, dara coicís i mí Iúil. Gach eolais ag:

Bocsa 120.

AG TEASTAIL: Bád rámha a bhfuil baill maith air. Gach eolas agus luach chuig:

Bocsa 121.

AG TEASTÁIL: Sean leabhair Gaeilge, go hairid, rudaí a bhaineas le Thír Chonail. Cuir gach eolas agus luach ag Bocsa 104.

Luach maith ar na rudaí cearta.

AG TEASTAIL: Sealla saoire de dhith i nGaeltacht Thír Chonail. 2 mhí sa tSamhradh. Luach agus gach eolas chuig bocsa 140.

AG TEASTAIL: GO GASTA: Inneal i gcomhair stroighin a mheascadh. Caithfidh se bheith reasúnta agus ag gabhail go maith.

Scríobh chuig Bocsa 106, ag rá cé n áit a dtig é a fheicéal agus an luach.

LE DÍOL: Stampaí an domhain. A lán stampaí le díol de chóir a bheith gach tír. Iarr Bocsa 107.

COIMHEAD GAELTACHT gach coicís agus b' fhéidir go bhfeiceá an rud a bheadh ag fóirstin duit nó cuir fógra ins an cholún seo.

LE DÍOL: Simca. (1963) fosta cuid mhór páirteannaí do ghluaisteán eagsúla. Gach eolas ó Bocsa 102.

TRÍ MORRIS 1100 le díol iontach saor. Fosta páirteannaí fá choinne gach cinéal gluaisteán.

Guthán: An Bun Beag 82.

go pearsanta

CEANNAIGH "Gaeltacht" gach coicís an páipéar a leigheann muintir na Gaeltachta.

Choinigh muid an spás seo fá choinne do fhógra-sa (2½p an focal).

Na Críocha Déanacha

Is fada an lá Catriona Nic Giolla Choir marbh í féin, agus a dearthair. Sean daoine uaisle a bhí ionta a chaith a saol ar fad i Mín a' Chladaigh. Bhí an bheirt acu dall o bhí siad ina leath pháistí. Fuill brúicínigh a ba chúis leis. Tháinig Caitríona isteach dtóigh Peadair Éamhann oíche amhain agus scríobh mé síos an dán seo uaithe. Tá athas orm anois gur scríobh.

"Na Críocha Déanacha."

Dhuine bhoicht smaointigh ar do chríocha deanacha,
Na caith do shaol le baois nó le bréaga,
Má tá tú lán sláinte áil agus scéimhe,
Ma shíleann gur b' aoibhinn cuimhnigh gur baolar.

Smaointigh gur de'n chre tá tú déanta,
'S má fhuighear sa chre thú caide dheanfa tú,
Cé gur mór do chuid óir agus saibhreach,
Do bha, do chaiple 's do chaoirí,
D'eachraí, 's do chóistí 's do chótaí daora.

Do leapacha arda 's do bhráitlin-eacha glé geál,
Do chocaire toghrom ag cur maise ar gach meis duit,
Do chuid síoda cur gnaoí ar do chuid eadaí,
Do mhuintear cruinn ar achan taobh duit,
Chun rinne 's chun damhsa 's chun pleisiura.

Is breá sin go dtí an lá sin a fhuig-fear sa chre tú,

Beidh tusa an lá sin do scaile gan éifeacht,
Nuair a shínfear san uaigh tú caillfidh tú an scéimh sin.

Is trua thusa an uair sin i n-uaigh dhubh agus ualach de'n chre ort,
Beidh tú fuar in do ghuaileacha is do ghéaga,
Do chuid gruaige a bhí anuas leat 'na péarláí,
Beidh sí casta fá do ghuaileacha gan réiteach.

Do ghnúis do mhála do leiceann bhí gléigeal,
Do shúile glasa gan camadh gan claonadh,
Do staireacha ina scáile gan éifeacht,
Déan stath as an bláth bheag gan scéimh sin.
Nuair a shínfear san uaigh tú caillfidh tú an scéimh sin,
Níl agat ach snamh idir na péistí.

Tiocfaidh Aingeal as na Flaitheas le scéala,
Gál-trumpa leis ina lámh dhéis,
É a shéideadh, ag iarraidh theacht gan stad a dhéanamh,

Mo thruaighe is cruaidh an chéim é,
Sasain, Albain, agus Éirinn, an Spáinn,
an Fhrainc agus an Eipt, ma's a gcur le chéile.

Is fearr duinn ráit, dha dheannaí é,
Níl aon naisiún faoi chlar na speire,
Nach mbeidh an lá sin i láthair an deagh-Mhic.

Beidh píosa eile den dán seo sa chead eagrair eile.

Caitlín Nic Giolla Bhríde.



COISTE NA nDALTAÍ GAELACHA.

An Bhro,
Naomh Mallerin,
Carraig Bheag,
Carraig na Siúire,
Co. Thiobraid Árann.

A Chara,

Tá an litir thíos curtha chuig an tAire Oideachas, Ristead de Búrca le súil go gcabhróidh sé le daltaí scoile atá ag fóghlaim trí Ghaeilge. Más spéis le daoine eile fadhb na dteacsleabhar beimid ana-shasta a dtacaíocht a fháil mar go bhfuilimid chun iarracht dáiríre a dhéanamh chun an bhun-cheart seo a bhaint amach. Tá an litir seo sínithe ag 365 daoine.

A Aire, a chara,

Tá an litir seo sínithe againne, daltaí atá ag fáil ar n-oideachais trí Ghaeilge, agus ag múinteoirí atá ar n-óiliúint. Táimid buartha agus cráite le fada an lá mar nach bhfuil ar ndothain teacsleabhair Ghaeilge le fáil.

Tuigimid, mar Éireannaigh, go bhfuil sé de cheart againn na leabhair seo a bheith againn. Faoi láthair caithimid an-chuid ama amu ag aistriú ó na leabhair Bhéarla in ionad ar n-aighe a dhíriú ar na hábhair féin. Tá an chéist seo a plé againn agus ag daltaí a chuaigh romhainn le fada an lá gan mórán tóradh.

Táimid dóchasach go dtabhar-

Bocsa na Litreach

faidh tusa Cóthrom na Féinne dúinn agus táimid ag súil go mbéifea sásta bualadh linn go luath.

Lé Dea-Mhéin,

Cait Aighleart Runaí

A Chara,

Chuir mé spéis mhór sa scéal a scríobh Aodh Ó Cnaimhsí fá Cholm-Chille, leigh mé a scéal roimhe ar scoil ach ba dheas a bheith ábalta a leamh arís. Tá turas le Colmchille i nGleann CholmChille fosta, tá sé trí mhíle ar fhad agus ghlacann sé trí huaire le na shiúl. Nuair a bhí an tAthair Mac Duibhir mar Shéiplíneach sa Pharóiste ba ghnáth leis fhéin agus slua mór daoine tuaiseacht ar an mhean oíche ar an 9ú lá de Mheitheamh, biodh fhíos agat gur turas cruaidh é seo, ag siúl fríd driosógaí agus tú ag costarnocht; ansin leis an turas a dhéanamh níos measa, cuireadh chips agus tarra ar an bhealach mhór a bhfuil agat le giota dí a shiúl.

Bíonn Aifreann ar a trí a chlog ins an teach phobail ach na dhiaidh sin uilig bíonn daoine buíoch beannaigh, agus, an sásta leis fhéin nuair atá an turas thart.

Tá poll i gcasann de na clocha, chaithfá amharc fríd, deireadh na seandaoine, go bhfeicá na Flaitheas do mbeadh an turas déanta agat. Tá pictúir de Naomh le féiceal ar chloch eile, é ag marcaíocht ar Chapall. Tá an pictúir seo liocha amach i Grótail.

Rath Dé ar an obair.

Mise le Meas,
Teresa Ní Cuinneagáin,
An Droim Rialach.
Cill Cartha.

Saibhreas Gaeilge

Abar. Chuaigh an bhó in-abar. Chuaigh a cós síos in-áit bhog a's ní fheadfadh sí theacht amach as.

Abhóg. Tá abhóg san fhear sin. Bhearfadh sé buille fealltach duit.

Abhras. Ní raibh abhras ar bith le Seán as Albain. Tháinig sé a's gan píngin leis.

Acfuinn. Níl acfuinn ar bith ag Máire ar an fhuacht. Cuireann sé isteach go mor uirthí.

Achmhusán. Is maith an té atá ag tabhairt achmhusáin domh. Níl sé féin saor o'n locht sin.

Achrannach. Ní thíg an Ghaeilge le Seán ach go hachrannach. Ní féidir leis i labhairt go maith.

Adharc. Tá na daoine sin in-adharc a chéile. Tá siad ag brúin le chéile.

Aibeail. Aibeail chainte nó caint diomhúinte.

Aibhleóg. Aibhleóg nó beo tine. Acidhe. Scoilt idir dha chreag faoi'n lánmhara. Bíonn crúboga le fáil ann.

Aigeantach. Duine aigeantach. Duine atá beo bríomhar.

Ailse. Droch fhás a thig ar an duine. Tá sé marfach.

Ailp. Ailp feola nó píosa mór.

Aimear. Fuair sé an táimear agus ghlac sé é. Fuair sé an seans.

Aimirneach. Ag ithe go haimirneach nó go cíocrach.

Aimlí. Bíonn cuma aimlí ar an tír sa Gheimhreadh-cuma fhuar bhocht.

Aindeise. Giolla na haideise. Duine gortach, truaillí.

Aingciall. Duine garh gan réasún.

Airteagal. Tháinig airteagal ar an tsagart nó scairt chuig duine atá i mbéal báis.

Aiste. Níl aiste ar bith ar na bric nó ní bruideadh le fáil.

An tOileánach a scríobh.



Seo an fear a choinneann muid ag gairí lena chuid cartúin ar 'Ghaeltacht' achan coicís, Dónal Ó Domhnaill as Loch an Iúir.

Mac le Caitlín agus Cathal Ó Domhnaill An Ghleann, Anagaire, tá Dónal 21 blian d'aois agus ag obair le Cairpeidí G.T. Gaoth Dobhair.

Ní seo ach duine amhain den slua daoine éirimiúil a casadh orainn ó thosaigh "Gaeltacht" agus anois agus arís cuirfidh muid tuilleadh acu in aithne díobh.

Tá cúrsa ar Nua-Litríocht na Gaeilge a reachtáil i láthair na huaire i gColáiste Bhríde, Rann na Feirste. Tá 200 scoláirí ó na Sé Contaetha ag freastal ar an chúrsa seo, a mhaireas ar feadh seachtaine, on 21ú – 28ú Aibreán. An tAthair Tomás Mac Partholáin, ó Choláiste Mhac Naoise, Co. Aontroma, atá mar Uachtarán ar an Choláiste, agus Pádraig Mac Suibhne, Conallach atá ag teagasc i nDroichead Átha atá mar Rúnaí.

Do réir chosúlachta, tá na scoláirí ag baint an-tairbhe, agus an-sult go háirithe, as an chúrsa seo. Bíonn ranganna acu gach lá, ach fiú amháin ansin bíonn spiorad na laethanta saoire in uachtar, nó ní thoisíonn na ranganna go dtí an dó a chlog san iarnóin. Agus arís tá rogha ag na scoláirí: thig leo Nua-Fhilíocht a dhéanamh nó an tsean-fhilíocht; thig leo dráma a dhéanamh nó an gearscéal agus údair cháiliúla mar Sheosamh Mac Grianna agus Micheál Ó hOdhraín; tá ranganna comhra agus diospoir-eachtaí ann, agus rang don aistriú próis. Deir na scoláirí iad féin go bhfuil níos mó tairbhe a bhaint acu as an chúrsa ghairid seo na a bhainfeadh siad as cúrsa trí seachtaine sa tSamhradh. Agus ba cheart go mbeadh fhíos acu, nó bhí cuid mhaith acu ar chúrsaí Samhraidh cheana féin.

Ar ndoigh, tá cuid mhaith den chreidiúint ag dul do na múinteoirí atá ag teagasc ar an chúrsa; agus arís is fiú cuimhneamh ar an ní seo – go dtig na múinteoirí seo go léir, beagnach ó na Sé Chontaetha. Ach ní bheadh cúrsa ar bith ann gan na scoláirí, agus is mór an tuar dóchais é don "Éire Nua" a mbítear ag caint comh minic sin uirthi anois go bhfuil an diagrais agus an Gaelachas chomh láidir sin in aos óg na hÉireann, más slat tomhais ar bith é an 200 scoláirí atá fá Rann na Feirste an tseachtain seo.



An tAthair Tomás Mac Partholain, ó Choláiste Mhac Naoise, Co. Aontroma, atá mar Uachtarán ar an Choláiste



BALLAÍ LUIMNIGH




Ag baint sult as an Ceilí Mór.

Mólann muid lucht stiúrtha an chúrsa, agus tá súil againn go bhfeicfidh muid anseo arís iad.



Cathal Mac Criostal as an Omaigh atá ar Ollscoil in Manchester agus a bhí ag bualadh an bodhrain ag an cheilí mór.

Sé Buíonn Ceoil Ceoltoirí Tradisiúnta Rann na Feirste agus Doimínic O Brollchain as Cumlach, Contae Ard Mhacha ar an Bones Cassanetts a sholáthairigh an ceoil.



Iar Bhun Oideachas Fadó

Bíonn cuid mhaith cainte ar scoltacha agus ar chúrsaí leinn, sa lá atá anois ann.

Bíodh sin mar atá. Bearfaimid ar súil siar trí chéad déag bliain agus tamalt ina dhiaidh.

Ag barr Loch Dhún Lúiche go direach faoi scath na hEaragaile, tá Dún breá nua aimsearcha, cosan anuas uaidh ag geafta ag bun an chosáin. Tá léana thart ar an teach cónaí atá ag an gheafta. Sin an áit a rabh mainistear cruiceógach sa seachtú h-aois.

Tá tuairim ann go rabh an mainistear ansin ó aimsir Phalladius, a tháinig roimh Naomh Pádraig.

Tuairim eile gur Tornán, manach a bhí ag siúl le Colmcille a bhunaigh an mainistear. Más ea, ní rabh turas ró-fhada aige as Gartán, áit dúchas Cholmcille, go Gleann Nimhe mar tugadh ar an áit. Níor imigh sé gan a rian a fhágáil ar an cheantar. Tá Gleann Tornáin mar ainm ar chuid den dúiche go fóill.

Mainistear cruiceógach a bhí i nDún Lúiche. Meastar gur ábhair sagairt a bhí ag staidear ann. Chuir siad seo futha sna bótháin cruiceógacha a bhí thart ar an mhainistir. Ní rabh aon choras fáistil ann san seú nó sa seachtú haois ach siúl cóis. Buachaill óg a tháinig go dtí an scoil is dóiche nach deacha sé abhaile ar feadh blianta.

I ndiaidh an ré-órdha ní chluinimid tracht ar Dhún Lúiche go dtí an 17ú aois. Ní rabh na hIarlaí a d' imigh sa bhliain 1607, glanta

amach as Tír Chonaill, gur thoisigh an ghéarleanúint. Bhí mainistir i dToraigh ach banuigheadh í. Ba é Toraigh Iár ionad an chreidimh sa taobh thuaidh de Thír Chonaill.

Ní rabh teora le paróistí mar tá anois. Bhí Paróiste Thoraigh ag síneadh thar Cloich Cheannfhaola ar fad, agus siar go Srath na Corcra, i nGaoth Dobhair.

Nuair a d' imigh na hIarlaí, bhí an tír gan chosaint agus ba ghairid go dtáinig cabhlach airm gur scríos siad Mainistear Rath Maolain, agus ar aghaidh leo ansin go Toraigh. Bhí run acu gach manach ar an oileán a chur chun báis, ach d' eirigh le cuid acu éalodh. Bhain siad Dún Lúiche amach sa bhliain 1610. Bhíodmanaigh ag leamh aifrin ag Creag Na Sagart, sin ionad foscaidh a bhí san áit. Thagadh daoine as gach cearn chun Aifrin ann agus mhair an cleachtú go dtí an bhliain 1660. Creidim gur éirí an tséilg ró-ghearr agus go mb' éigin do na manaigh teicheadh.

Ní chluinítear mórán iomraidh ar léinn i nGaoth Doir níos moille ach go rabh "Scoil Cois Claidhe" ar an chladach ag an Ghlaisigh. Níl eolas ar bith fan scoil seo ach go ndeirtear sa tseanchus go rabh Mac Maolmuire an Bhata Bhuí, ag freastal uirthi.

Fíor bhreagach an scéal, léiríonn sé go rabh buachaillí as baile isteach ag staidear ar an Ghlaisigh ach ma bhí, is faoi cheilt a bhí siad ann.

Cúrsaí Spóirt



SINN FEIN
 Cumann Ruairí Mhic Easmainn
 Damhsa agus Suipear
 ins an
 Ray River Inn
 An Fal Carrach
 De hAoine 4ú Bealtaine
 Buion Ceol na FAVOURITES

Cumann Lúthchleas Úr do na Rossa

Bhí ócáid staruil ins an halla i Mullach Dubh ar na moillibh le coiste a phiocadh chun amharc i ndiaidh cursaí lúthchleas sa cheantar. Seo leanas an coiste a piocadh;

Cathaoirlach Sean O Gormáin; Runai Diarmad O Laodaigh; Cisteoir, D. O Baoill; Piocadh an tAthar Mac an tSaor agus an tAthar O Colum mar Uachtaráin. Piocadh Aodh Mac Pháidín agus Antoin O Domhnaill mar leas chathaoirleach agus an coiste Antoin Mac Giolla Easbuig, Bríd O Searcaigh, Máire Ní Dhomhnaill, Antoin Mac Fhionnlaigh agus Padraig O Searcaigh. Tá an cumann cláirithe acu le Bord na Contae agus tá athas ar achan nduine sa cheantar go mbeidh spiorad musclaidh san áit fá-choinne lúthchleas nó tá tradisiuin láidir sa cheantar agus caithfidh aos óg na háite ainm na Rosann a choinneal ar an léarscáil ach ta mé cinnte go mbeidh siad abalta sin a dhéanadh.

Tá pairc acu do na cluiche chomh maith agus a tá sa Chontae, ar na Meillte i Mullach Dubh. Tá sé ar intinn ag an Chumann lá spóirt a bheith acu Diardaoin Deascabhála agus beidh siad ag súil le scaifte mór a bheith i láthair. Tá súil againn uilig go mbeidh.

le Liam Mac Gaotháin

Gaoth Dobhair 2
 Na Cealla Beaga 1


D'imir an ghaoth páirt mhór ins an chluiche seo. Sa chéad leath, nuair a bhí an ghaoth le Gaoth Dobhair d'imir siad peil iontach maith agus níorbh iontas go raibh siad dhá chúl chun tosaigh ag leath-ama.

Fuair siad an chéad chúl ó phionas agus an dara ceann, nuair a bhail cúl baire na gCealla Beaga an liathróid amach, ach bhí an ghaoth chomh láidir sin go dtáinig sé aráis i dtreo a chúil fhéin, ní raibh ag duine do na tosaigh ach é a bhail-eadh isteach sa n-eanga.

Sa dara leath bhí an bhróg ar an chos eile agus leis an ghaoth ina gcul, chuaigh na Cealla Beaga ar an ionsaí, ach choinnigh Gaoth Dobhair amuigh iad go dtí chóir a bheith deireadh an chluiche nuair a fuair siad cúl. Ní bhfuair siad seans ar bith eile agus d'fhan an scór mar sin go deireadh an chluiche.



Foireann Peile G.T. Gaoth Dobhair a bhain an craobh peile faoi díon le gairid i gConnamara
 O chlé; E. Mac Giolla Bhríde, D. Mac Suibhne, M. Ó. Duibhir, C. Ó. Domhnaill, D. Mac Suibhne, N. Ó. Gallchóir, C. Mac Eachmharcaigh.



An Bainisteoir Ginearálta, B. O. hAllurain ag deanamh comhghairdeachas le M. Ó. Gallchóir. Sa píctiúr fosta; E. Mac Cathmhaoil agus Aodh Ó Gallchóir.

GACH CINEAL CAR ÚR LE FÁIL Ó.

Greene's Garage

Escort '69	Mini 1969		
V.W. 1967	Anglia Estate 1967	Van Morris 1000	1965
Anglia 1967	Cortina 1967	Van Ford Transit	1968
1100 1970	Cortina 1971	Van Ford Escort	1968
Corsair 1966	Cápri 1970.		

A.A. agus R.I.A.C. An Clochán Liath Guthan 14.

Foireann Peile Árainn Mhóir sna Caogaidí



A chlobhualadh sa Ghaeltacht ag Clo na Rosann, Gaoth Dobhair